# ÉIRE

# 1922

## NEAMHSPLEÁCHAS, CRÍOCHDHEIGHILT, COGADH CATHARTHA

— ACMHAINNÍ OIDEACHAIS DON ARDTEISTIMÉIREACHT —

Published with key support from the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media under the Decade of Centenaries 2012–2023 Programme.

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

Acadamh Ríoga na hÉireann
Royal Irish Academy

# CLÁR AN ÁBHAIR


Réamhrá—4

Éire in 1922—5

Daoine suntasacha ón Dictionary of Irish Biography—7

1. Díospóireachtaí an Chonartha—8

2. ‘Pograim’ Bhéal Feirste agus Dúnmharuithe Mhuintir McMahon—16

3. An ‘splanc’ a d’adhain an Cogadh Cathartha; feallmharú Sir Henry Wilson—26

4. Eispéiris na mban sa Saorstát nua—34

Tuairisc Staidéar Taighde—41

# RÉAMHRÁ

Bliain chinniúnach in Éirinn 1922: tharla trí mhóreachtra de chuid na céime deiridh de réabhlóid na hÉireann - daingniú an Chonartha Angla-Éireannaigh ar bunaíodh Saorstát Éireann dá bharr, deimhniú na críochdheighilte nuair a shocraigh Tuaisceart Éireann gan glacadh le socrú an tSaorstáit, agus tús leis an gCogadh Cathartha.

Tá an acmhainn teagaisc seo bunaithe ar *Ireland 1922: Independence, Partition, Civil War* (arna chur in eagar ag Darragh Gannon agus Fearghal McGarry. Acadamh Ríoga na hÉireann, Baile Átha Cliath, 2022), ina bhfuil caoga aiste achomair agus léaráidí ag gabháil leo. I ngach aiste pléitear le heachtra, ócáid nó imeachtaí ar leith a tharla in 1922 ionas gur féidir téama is leithne a fhiosrú a bhaineann le réabhlóid na hÉireann nó na torthaí a d'eascair aisti. Is le haghaidh an chúrsa Ardteistiméireachta Nua-Stair Dhéanach, ag tacú le 'Éire sa Nua-Aois Dhéanach agus go háirithe Topaic 3, 'Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949'.

Ceithre thopaic atá san acmhainn seo agus i ngach topaic tá ceist bunaithe ar dhoiciméid, mar a bheadh ar an scrúdú, ábhar breise foinse príomha agus léirmhínithe staireagrafaíochta ó *Ireland 1922.* Cuirfidh sé seo ar chumas daltaí dul i ngleic le hábhar cúrsa atá ann cheana agus é a fhorbairt gona bhéim ar cheistiú, fianaise agus fiosrú agus cumas díospóireachta a fhorbairt maidir le húsáideacht agus teorainneacha cineálacha éagsúla foinsí príomha agus tánaisteacha fianaise staire.

Beidh ar dhaltaí cur amach a bheith acu ar chroí-imeachtaí in Éirinn le linn thréimhse na Réabhlóide (1916–23) chun iad a threorú agus iad ag léamh trí na doiciméid. Éascaítear san acmhainn seo fiosrú ceisteanna comhaimseartha agus staire a thagann aníos as imeachtaí a tharla in Éirinn sa bhliain 1922, ag úsáid staireagrafaíochta agus ábhar foinse príomha. Féadann múinteoirí agus daltaí a roghnú cén topaic a bhfuil siad le díriú uirthi agus an bealach is fearr chun í a úsáid sa seomra ranga.

Is féidir *Dictionary of Irish Biography* (DIB) Acadamh Ríoga na hÉireann a úsáid mar dhoiciméad tagartha faoi dhaoine atá ag croí an scéil a bhaineann leis na topaicí seo; tá sé ar fáil saor in aisce ag www.dib.ie agus tá acmhainn a ceapadh go sainiúil don Ardteistiméireacht ar fáil ar líne freisin chomh maith le hacmhainní oideachais eile an RIA, *Documents on Irish Foreign Policy* (DIFP) agus *Judging Dev.* Is féidir iad seo a úsáid chun tuilleadh comhthéacs agus tuisceana a chur ar fáil ar na topaicí atá i gceist agus tá teacht orthu uile saor in aisce anseo: https://www.ria.ie/educational-resources.

# ÉIRE IN 1922

Le sos cogaidh 11 Iúil 1921 tháinig deireadh le Cogadh na Saoirse agus réitíodh an bealach d'idirbheartaíochtaí foirmiúla síochána idir Rialtas na Breataine agus Éire.

Faoi thús 1922, áfach, bhí an chuma ar an scéal go raibh cogadh eile ar tí tosú in Éirinn. Síníodh an Conradh Angla-Éireannach i Londain ar 6 Nollaig 1921 i ndiaidh idirbheartaíochtaí a mhair dhá mhí ach ba chnámh spairne an-deighilteach é ó thús. Daingníodh é sa Dáil, 64 vóta in aghaidh 57, ar 7 Eanáir 1922 i ndiaidh díospóireachtaí achrannacha.

Bhí go leor daoine a dhiúltaigh glacadh leis an gconradh - d'éirigh Éamon de Valera as a phost mar uachtarán na Dála, tháinig Arthur Griffith ina áit agus leis sin tháinig scoilt i ngluaiseacht na poblachta a leath ón Dáil go Sinn Féin agus uaidh sin a fhad le hÓglaigh na hÉireann. Cogadh Cathartha na hÉireann (28 Meitheamh 1922 – 24 Bealtaine 1923) an toradh.

Bliain chorrach, shuaite ab ea 1922, nuair nár tharla cúrsaí mar a bhí súil leo. Is beag rud a bhí socraithe ag tús na bliana ach foréigean agus díomá an deireadh a bhí air. Tharla an foréigean ar an dá thaobh den teorainn agus cé go raibh deireadh le Cogadh na Saoirse, níor léir cén cineál stáit a thiocfadh dá bharr ná cén leibhéal neamhspleáchais. Blianta fada a thóg sé le cuid de na ceisteanna a réiteach agus cuid díobh gan réiteach fós.

Tharla athruithe ollmhóra in 1922, athruithe a chuir bonn daingean faoi n gcríochdheighilt agus Saorstát Éireann agus is ar an dúshraith seo a chruthaigh Éamon de Valera a leagan féin den tír.

## EOCHAIRDHÁTAÍ

- 7 Eanáir 1922: Rith Dáil Éireann an Conradh Angla-Éireannach
- 14 Eanáir 1922: Bunú an Rialtais Shealadaigh
- 21 Eanáir 1922: An chéad 'chomhaontú' ag Craig–Collins
- 24 Márta 1922: Maruithe mhuintir McMahon
- 26 Márta 1922: Cruinniú de 'Coinbhinsiún an Airm' ag Óglaigh na hÉireann
- 30 Márta 1922: An dara 'comhaontú' ag Craig–Collins
- 7 Aibreán 1922: Acht na gCumhachtaí Speisialta rite ag rialtas Thuaisceart Éireann
- 14 Aibreán 1922: Ghabh Óglaigh frith-Chonartha na Ceithre Cúirteanna
- 2–20 Bealtaine 1922: 'Ionsaí ar an Tuaisceart' ag Arm an tSaorstáit-Óglaigh na hÉireann
- 20 Bealtaine 1922: 'Comhaontú' toghcháin socraithe ag Sinn Féin, iad sin a bhí ar thaobh an Chonartha chomh maith leo sin a bhí ina choinne.
- 1 Meitheamh 1922: Bunú Chonstáblacht Ríoga Uladh (RUC).
- 18 Meitheamh 1922: Iarrthóirí Sinn Féin a bhí ar thaobh an Chonartha a bhuaigh an t-olltoghchán

- 22 Meitheamh 1922: Feallmharú Sir Henry Wilson ag Óglaigh frith-Chonartha i Londain
- 26 Meitheamh 1922: Fuadach J.J. O'Connell, Ginearál in Arm an tSaorstáit, ag Garastún Óglaigh na gCeithre Cúirteanna
- 28 Meitheamh 1922: Arm an tSaorstáit ag scaoileadh ar Gharastún Óglaigh na gCeithre Cúirteanna
- 28 Meitheamh – 5 Iúil 1922: 'Cath Bhaile Átha Cliath'
- 5 Iúil 1922: Marú Cathal Brugha ag Arm an tSaorstáit i mBaile Átha Cliath
- 20 Iúil 1922: Gabháil chathair Luimnigh agus chathair Phort Láirge ag Arm an tSaorstáit
- 31 Iúil 1922: Marú Harry Boland ag Arm an tSaorstáit sna Sceirí, Co. Átha Cliath
- 10 Lúnasa 1922: Gabháil chathair Chorcaí ag Arm an tSaorstáit
- 12 Lúnasa 1922: Bás Arthur Griffith
- 22 Lúnasa 1922: Marú Michael Collins ag Óglaigh frith-Chonartha i gCorcaigh
- 28 Meán Fómhair 1922: Réiteach Airm (Cumhachtaí Éigeandála) rite ag an Dáil
- 24 Samhain 1922: Erskine Childers curtha chun báis ag an Rialtas Sealadach
- 6 Nollaig 1922: Bunú foirmiúil Shaorstát Éireann
- 7 Nollaig 1922: 'Dhiúltaigh' Tuaisceart Éireann dul isteach i Saorstát Éireann
- 7 Nollaig 1922: Marú an TD Seán Hales, a bhí i bhfabhar an Chonartha, ag Óglaigh frith-Chonartha i mBaile Átha Cliath
- 8 Nollaig 1922: Cur chun báis Rory O'Connor, Liam Mellows, Dick Barrett agus Joe McKelvey ag Saorstát Éireann i bPríosún Mhuinseo
- 10 Aibreán 1923: Marú Liam Lynch ag Arm an tSaorstáit i dTiobraid Árann
- 27 Aibreán 1923: Bunú Chumann na nGaedheal
- 24 Bealtaine 1923: Sos comhraic ordaithe ag Frank Aiken, Ceann Foirne Óglaigh na hÉireann

# DAOINE SUNTASACHA ÓN DICTIONARY OF IRISH BIOGRAPHY

Tá liosta thíos de dhaoine atá ábhartha maidir leis na topaicí atá cuimsithe san acmhainn seo; tá fáil saor in aisce ar an *Dictionary of Irish Biography* (DIB) trí *Scoilnet*, nó féach acmhainn shaindeartha an RIA 'Dictionary of Irish Biography – Key Personalities' anseo: https://www.ria.ie/educational-resources

**Barton, Robert Childers** (1881–1975): talmhaí agus réabhlóidí

**Béaslaí, Piaras** (1881–1965): scríbhneoir, réabhlóidí, polaiteoir, athbheochanóir teanga agus iriseoir

**Brugha, Cathal** (1874–1922): réabhlóidí

**Byrne, Edward Joseph** (1872–1940): Ardeaspag Caitliceach Bhaile Átha Cliath

**Clarke, Kathleen** (1878–1972): gníomhaí poblachtach

**Collins, Michael** (1890–1922): cathaoirleach Rialtas Sealadach na hÉireann, agus Ardcheannasaí arm an Rialtais Shealadaigh

**Cosgrave, William Thomas** (1880–1965): réabhlóidí agus polaiteoir

**Craig, James** (1871–1940): 1ú Bíocunta Craigavon, céad phríomh-aire Thuaisceart Éireann

**De Valera, Éamon** (1882–1975): múinteoir, réabhlóidí, Taoiseach agus Uachtarán na hÉireann

**Devlin, Joseph** (1871–1934): ceannaire náisiúnach

**Griffith, Arthur Joseph** (1871–1922): iriseoir agus polaiteoir

**MacSwiney, Mary** (1872–1942): poblachtach

**Markievicz, Constance Georgine** (1868–1927): cuntaois, poblachtach agus gníomhaí lucht oibre

**McCartan, Patrick** (1878–1963): dochtúir leighis, réabhlóidí agus polaiteoir

**Mellows, William Joseph** ('Liam') (1892–1922): réabhlóidí agus sóisialaí

**Nixon, John William** (1877–1949): póilín agus polaiteoir

**O'Callaghan, Kate** (Kathleen) (1885–1961): múinteoir agus polaiteoir

**O'Connor, Roderick** ('Rory') (1883–1922): poblachtach

**O'Duffy, Eoin** (1890–1944): saighdiúir, póilín agus polaiteoir

**O'Higgins, Kevin Christopher** (1892–1927): polaiteoir

**Pearse (Brady), Margaret** (1857–1932): náisiúnach agus Teachta Dála

**Sheehy Skeffington, (Johanna) Hanna** (1877–1946): gníomhaí polaitiúil

**Stack, Austin** (1879–1929): réabhlóidí

**Wilson, Sir Henry Hughes** (1864–1922): 1ú bairnéad, saighdiúir agus polaiteoir

# 1.
# DÍOSPÓIREACHTAÍ AN CHONARTHA

## RÉAMHRÁ

I ndiaidh idirbheartaíochtaí an Chonartha, Deireadh Fómhair-Nollaig 1921, agus faoi bhagairt nua cogaíochta ón bPríomh-Aire David Lloyd George, síníodh an Conradh Angla-Éireannach ar an 6 Nollaig 1921. Vótáil seachtar airí rialtais na Dála ar son an Conradh a mholadh don Dáil, ceithre vóta i gcoinne trí vóta: Arthur Griffith, Michael Collins, Robert Barton agus W.T. Cosgrave a bhí i bhfabhar agus Éamon de Valera, Cathal Brugha agus Austin Stack ina choinne.

De réir mar a bhí an Dáil ag plé dhaingniú an Chonartha Angla-Éireannaigh bhí an léachtlann i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath ag éirí thar a bheith teann. Glactar leis le fada gur pointe cinniúnach i stair na hÉireann iad na díospóireachtaí Dála; ba é seo an uair a scoilteadh comrádaíocht ghluaiseacht na poblachta agus a thosaigh seirbhe agus achrann an chogaidh chathartha.

Dhírigh a lán staraithe aird ar leith ar na díospóireachtaí seo agus go háirithe ar na hargóintí bunreachtúla a bhí i bhfabhar agus i gcoinne an chonartha a bhí á mholadh, agus an dinimic inscne óir bhí tromlach na mban a labhair sna díospóireachtaí ina choinne agus, le déanaí na gnéithe aicme a bhain le scoilt an chonartha. Ach le cois na gceisteanna seo, ba é tuin na gcomhráite an ghné ba shuntasaí de Dhíospóireachtaí an Chonartha.

Ar deireadh thiar, ar 7 Eanáir 1922, vótáil an Dáil an conradh a fhaomhadh, 64 vóta i gcoinne 57 ach dhiúltaigh na daoine a bhí ina choinne glacadh leis an toradh agus ba é Cogadh Cathartha na hÉirean an toradh a bhí air.

## MEASTÓIREACHT AR FHOINSE PHRÍOMHA

Tá ceist shamplach scrúdaithe, bunaithe ar dhoiciméad anseo, chomh maith le hábhar foinse príomha breise chun doiciméid bhreise a chur ar fáil do mhúinteoirí agus daltaí ar féidir iad a phlé.

**Ceist shamplach scrúdaithe, bunaithe ar dhoiciméad:**

Cás-staidéar a mbaineann na doiciméid leo: Na hidirbheartaíochtaí Conartha, Deireadh Fómhair–Nollaig 1921.

## Doiciméad A

Sliocht as óráid a rinne Kathleen Clarke, TD de chuid Sinn Féin agus baintreach Tom Clarke, ceannaire de chuid Éirí Amach na Cásca, le linn díospóireachta sa Dáil ar an gConradh Angla-Éireannach, 22 Nollaig 1921 (Dáil Éireann: www.oireachtas.ie)

> Éirím chun tacú le rún an Uachtaráin diúltú don Chonradh seo. Agamsa is ceist shimplí í, ceart nó mícheart. Dar liomsa gur géilleadh gach idéal náisiúnta againn é [...] Dúirt Arthur Griffith gur thug sé síocháin abhaile leis ó Shasana, agus saoirse d'Éirinn. Ní féidir liom a rá ach gurb í seo an cineál saoirse a raibh mé ag dúil léi agus má dhaingnítear an Conradh seo, cine deighilte an toradh a bheidh air, leanfaidh an tseandeighilt chéanna ar aghaidh; iad siúd a rachaidh isteach in Impireacht na Breataine agus iad siúd nach rachaidh agus, mar sin de, leanfaidh seanchluiche Shasana, scar agus bris, ar aghaidh. A Dhia, chomh truacánta leis! [...] níl go leor cumhachta ná deisbhéalaí in iomlán Impireacht na Breataine chun brú orm an mhóid sin a thabhairt [...] Thug mé móid ar son Phoblacht na hÉireann, go sollúnta, go hómósach, agus chreid mé san uile fhocal. Ní rachaidh mé siar ar mo mhóid go deo.

## Doiciméad B

Sliocht as óráid a rinne Arthur Griffith, Aire Gnóthaí Eachtracha, le linn díospóireachta sa Dáil ar an gConradh Angla-Éireannach, 7 Eanáir 1922 (Dáil Éireann: www.oireachtas.ie)

> An ngéilleann an Conradh seo leas agus onóir na hÉireann? Deirimse nach ngéilleann. Deirimse gur le leas na hÉireann atá sé; ní thugann sé easonóir d'Éirinn. Ní rud foirfe é; d'fhéadfadh sé a bheith ní b'fhearr. [...] Is féidir glacadh leis an gConradh seo óir is é an dúshraith é i gcomhair Éire Ghaelach. Is féidir diúltú don Chonradh seo agus Éire a chur siar go dtí an áit a raibh sí blianta ó shin, an áit a raibh sí sular - bhuel ní mian liom labhairt faoi na mairbh - sular ardaigh an íobairt a rinne na mairbh í; is iad na fir a bhásaigh le ceithre nó cúig bliana anuas a chuir ar ár gcumas an Conradh seo a dhéanamh; gan iad ní fhéadfaí é a dhéanamh.. Tá tú ag dul a ghéilleadh torthaí a gcuid íobairtí, agus Gaeil óga eile a dhaoradh le dul i mbun saothar in aisce [...] ní fheicim bealach níos fearr do mhuintir na hÉireann ná an Conradh seo.

### Cuid 1: Triail Tuisceana

a) Cérbh í Kathleen Clarke?
b) De réir Doiciméad A, cén fáth nach nglacfaidh Clarke leis an gConradh?
c) De réir Doiciméad B, cad a tharlóidh na theachtaí dála má dhiúltaíonn siad don Chonradh?
d) Cén fáth, de réir Arthur Griffith, ar chóir dóibh glacadh leis an gConradh?

### Cuid 2: Comparáid

a) An bhfuil fianaise, agus cá mhéad di, sna foinsí a deimhníonn an dearcadh gur scoilteanna laistigh de Sinn Féin ba chúis le Cogadh Cathartha na hÉireann? Mínigh do fhreagra, ag tagairt don dá dhoiciméad.

b) An léiríonn an dá dhoiciméad tuin agus mothú na ndíospóireachtaí? Tabhair fáthanna le do fhreagra, ag tagairt don dá dhoiciméad.

**Cuid 3: Cáineadh**

a) An bpléitear na hargóintí i bhfabhar agus i gcoinne an Chonartha i nDoiciméad A? Tabhair fáthanna, ag tagairt don fhoinse.
b) An léirítear i nDoiciméad B an luach atá le hóráidí mar fhoinse staire? Mínigh do fhreagra, ag tagairt don doiciméad.

**Cuid 4: Comhthéacsú**

Cá mhéad d'aidhmeanna náisiúnaigh na hÉireanna a gnóthaíodh sa Chonradh?

**Treoir do dhaltaí ar fheidhm a bhaint as foinsí príomha**

Smaoinigh ar cé/cad é/cén uair/cén fáth:
- Cé a chruthaigh é seo?
- Cén cineál foinse é an doiciméad? Cad a deir sé?
- Cén uair a scríobhadh é: gar don am ar tharla sé nó roinnt ama ina dhiaidh sin?
- Cén fáth ar scríobhadh é? Cé na cúinsí a bhí i gceist?

Smaoinigh ar láidreachtaí agus laigí na bhfoinsí:
- Cad is féidir leis an doiciméad seo a insint duit?
- Cé na ceisteanna is féidir leis a fhreagairt?
- Cé na ceisteanna nach féidir leis a fhreagairt?

Tá tuilleadh samplaí thíos de shleachta as foinsí príomha agus ceisteanna le plé.

**Foinse 1**

Sliocht as óráid a rinne Liam Mellows, Sinn Féin, le linn díospóireachta sa Dáil ar an gConradh Angla-Éireannach, 7 Eanáir 1922 (Dáil Éireann: www.oireachtas.ie)

> Seasaim go deimhin i gcoinne an Chonartha mar dhea, seo agus i gcoinne na n-argóintí ar son glacadh leis [...] ní raibh mandáid ag [na lánchumhachtaigh] neamhspleáchas na tíre a ghéilleadh le síniú a gcuid peann mar a dhéanann an Conradh seo [...] Táimid ag éisteacht lena lán cainte anseo faoi thoil na ndaoine [...] Is é toil na ndaoine, arsa duine de na Teachtaí a labhair anseo, go ndaingneofar an Conradh seo [maith thú]. Toil na ndaoine! [...] Fuair mé amach faoi na daoine atá i bhfabhar an Chonartha nach bhfuil siad ina fhabhar toisc a fheabhas atá sé ach toisc eagla a bheith orthu roimh a dtarlóidh má dhiúltaítear dó. Ní toil na ndaoine é sin ach eagla na ndaoine [maith thú]. Toil na ndaoine a bhí ann nuair a d'fhógair siad go raibh siad i bhfabhar na Poblachta.

**Ceisteanna le plé:**

1) Cén fáth ar thóg Liam Mellows ceist mhandáid na lánchumhachtach?
2) Cad chuige ar thug Mellows 'Conradh mar dhea' air ?
3) Cad a thugann an óráid seo le fios faoi na scoilteanna sa Dáil?
4) An raibh na hábhair imní seo do Mellows inchosanta?

**Foinse 2**

Sliocht as óráid a rinne Winston Churchill, Rúnaí Coilíneach Rialtas na Breataine, le Teach na dTeachtaí, 26 Meitheamh 1922 (Hansard Theach na dTeachtaí)

> Nuair a shíníomar Conradh oíche an 6 Nollaig 1921, le lánchumhachtaigh mhuintir na hÉireann, bhí sé de cheart againn a chreidiúint, agus muid lánchinnte gur chreideamar gurbh ionadaithe iad sínitheoirí na hÉireann ar thuairimí fhormhór na Dála agus údarás aontaithe airí rialtais Sinn Féin. Ach fuaireamar amach láithreach beagnach, go raibh an tUasal de Valera agus go leor dá lucht leanúna ag diúltú don bheart a rinne a lánchumhachtaigh féin agus go ndeachaigh an Conradh tríd an Dáil, i ndiaidh argóintí fada, le móramh seacht vóta [...] Mar sin de, dhíríomar aird an Rialtais Shealadaigh ar thábhacht agus práinn toghchán a bheith ann óir is é amháin a thabharfadh stádas riaracháin náisiúnta dóibh ionas go bhfeadfaidís rialú faoi údarás dúchais [...]. Is ann do bhuíon fear i mBaile Átha Cliath a ghabh seilbh fhoréigneach ar na Ceithre Cúirteanna agus a d'fhógair gur Ceanncheathrú an Fheidhmeannais Phoblachtaigh iad agus is sárú Conartha an méid sin [...] agus tá an t-am tagtha [...] iarratas a chur i láthair Rialtas na hÉireann neartaithe seo agus na Parlaiminte nua Éireannaí seo, gan fiacail a chur ann, go gcaithfear deireadh a chur leis an saghas seo.

**Ceisteanna le plé:**

1) Cén dearcadh ar na hidirbheartaíochtaí agus díospóireachtaí Conartha a léiríonn Churchill?
2) An léirítear in óráid Churchill an mothú a bhí i nDíospóireachtaí an Chonartha?
3) Cén t-iarratas a dhéanann sé?
4) Cén ócáid shuntasach a tharla tamall gearr tar éis na óráide seo?

**Foinse 3**

Bileog anaithnid frith-Chonartha a foilsíodh in 1922 (Íomhá le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)




**Ceisteanna le plé:**

1) Mínigh cad atá ag tarlú sa chartún seo.
2) Cén fáth a bhfuil Michael Collins á léiriú agus é ag sá an Chonartha síos scornach saoránach Éireannach?
3) Cé acu dearfach nó diúltach atá an léiriú seo ar an gConradh?
4) Cén fáth nár glacadh go forleathan leis an gConradh Angla-Éireannach?

# LÉIRMHÍNIÚ AR FHOINSE THÁNAISTEACH

Sa sliocht thíos tá eolas agus ábhar breise comhthéacs chun foinsí tánaisteacha a thuiscint agus a léirmhíniú.

**Treoir chun ábhar foinsí tánaisteacha a léirmhíniú:**

- An méid atá á rá ag na staraithe a mheas agus a luacháil, láidreachtaí agus laigí na léirmhínithe uile a lua
- A rá cé acu a aontaíonn nó nach n-aontaíonn tú leis na léirmhínithe agus a mhíniú cén fáth
- Eolas ábhartha a úsáid chun tacú le do chuid argóintí
- Gan eagla a bheith ort dúshlán dearcadh staraí a thabhairt trí eolas ábhartha comhthéacs a úsáid chun tacú le d'argóint.

Sliocht as 'Emotions in the Treaty Debates', *Ireland 1922: Independence, Partition, Civil War* (Acadamh Ríoga na hÉireann, Baile Átha Cliath, 2021)* le Caoimhe Nic Dháibhéid,

> Ba mhinic a cuireadh sonrú sa mheon a bhí sna léachtlanna, ó ghair an tslua a bhí ag fanacht taobh amuigh nuair a bhí na teachtaí ag dul isteach go dtí an teannas, tromchúis agus gruaim a leagadh ar na díospóireachtaí de réir a chéile.
>
> Ba chuid shuntasach den tslí a bhfuair muintir na hÉireann amach faoin scoilt a bhí ag teacht chun cinn i ngluaiseacht na poblachta an réimse mothuithe a bhain leis na díospóireachtaí faoin gconradh. D'ainneoin na seirbhe a mhairfidh sa chuimhne, ba é an grá  an mothú ba mhinice a cuireadh in iúl sna díospóireachtaí féin - grá d'Éirinn agus dá chéile.
>
> Ach bhí eagla ar an láthair freisin: bhí sí ar fud na háite. An chloch ba mhó ar phaidrín na dteachtaí an scoilt a dhéanfadh an pobal polaitiúil a bhunaigh an próiseas réabhlóide a dheighilt. Chuir cuid acu i leith a gcéilí comhraic gur eagla a bhí taobh thiar dá ndearcadh agus dúirt roinnt eile go raibh muintir na hÉireann go daingean agus gan eagla d'ainneoin na sceimhle faoina raibh siad.
>
> San atmaisféar thar a bheith teann seo, is iomaí racht a ligeadh. Bhí an timpeallacht ardbhrú mhothúchánach seo le brath ar an meon a bhí ina lán de na hóráidí. Ba mhinic a tugadh faoi deara an tseirbhe agus an fhearg a bhí i gcuid mhaith de na hóráid: cuireadh sonrú i leith i gCathal Brugha agus é ag tabhairt amach faoi Michael Collins nuair ba léir gurb é a bhí taobh thiar dá chur i gcoinne polaitiúil nach raibh dúil aige in Collins mar dhuine: agus bhí drochaoibh ar Arthur Griffith i rith ama, rud ba léir óna fhreagraí míshásta, go háirithe nuair nach raibh le rá aige faoi Erskine Childers ach gur 'Sasanach damanta' ab ea é.
>
> Tháinig deireadh le haontacht i measc na bpoblachtach sna míonna roimh thús an chogaidh chathartha agus ar na  tréithe de seo bhí teacht chun cinn na mothuithe seo sa réimse poiblí - maslú, fearg, líomhaintí mí-ionracais, pragmatachas agus dóchas. Is féidir an meascán mearaí seo de mhothúcháin a rianú sna ráitis phoiblí a rinne an dá thaobh de réir mar a chuaigh cúrsaí in olcas agus i dtreo chogadh na gcarad. Má smaoinítear ar na díospóireachtaí conartha mar chor cinniúnach i stair

*Because of the nature of the editorial process, extracts in this document may differ slightly from corresponding passages in the published book.

mhothúchánach réabhlóid na hÉireann, osclaítear bealaí nua chun smaoineamh ar conas a cuireadh mothuithe in iúl agus mar a úsáideadh iad chun tacú le hargóintí polaitiúla, nó chun tochailt fúthu, le linn na tréimhse réabhlóidí.

**Ceisteanna le plé:**

1) Cá mhéad a thacaíonn an sliocht seo leis an tuairim gur scoilteanna i Sinn Féin ba chúis le Cogadh Cathartha na hÉireann?
2) Cad a insíonn tuin agus mothú na nDíospóireachtaí Conartha dúinn faoi chomh tábhachtach a bhí siad do mhuintir na hÉireann?
3) Nuair a léiríodh na mothuithe seo sa réimse poiblí, cad a insíonn sé dúinn faoi cé chomh haontaithe a bhí na poblachtaigh sna míonna díreach roimh thús an chogaidh chathartha?
4) An gcuirtear tuairimí éagsúla i láthair sa sliocht seo?

## TOPAICÍ PLÉ

Cá mhéad den fhreagracht a bhí ar an gConradh Angla-Éireannach (1921) as Cogadh Cathartha na hÉireann?

Cén fáth ar am cinniúnach iad na Díospóireachtaí Conartha díreach roimh thús an Chogaidh Chathartha?

Dúirt Liam Mellows nach 'toil na ndaoine ach eagla na ndaoine' a bhí taobh thiar de na hargóintí ar son an Chonartha. Le plé.

Cén ról, dar leat, a bhí ag na mothúcháin i gcor cinniúna amhail na Díospóireachtaí Conartha a chruthú?

Cén suntas a bhain leis na Díospóireachtaí Conartha ó thaobh Réabhlóid na hÉireann de?

Cén fáth ar chothaigh na Díospóireachtaí Conartha a oiread sin easaontais?

# LÉITHEOIREACHT BHREISE

Tá liosta thíos de dhaoine ábhartha a bhfuil a mbeathaisnéisí ar fáil sa *Dictionary of Irish Biography* agus téacsanna molta léitheoireachta breise. Beidh sé seo *úsáideach* freisin ag daltaí atá ag obair ar a dTuairisc Staidéar Taighde.

- Barton, Robert Childers
- Brugha, Cathal
- Clarke, Kathleen
- Collins, Michael
- Cosgrave, William Thomas
- De Valera, Éamon ('Dev')
- Griffith, Arthur Joseph
- MacSwiney, Mary
- Markievicz, Constance Georgine
- Mellows, William Joseph ('Liam')
- O'Duffy, Eoin
- Pearse (Brady), Margaret
- Stack, Austin

Kathleen Clarke, *Revolutionary woman: My Fight for Irish freedom* (arna chur in eagar ag Helen Litton) (Baile Átha Cliath, 1991)

Linda Connolly (eag.), *Women and the Irish Revolution: feminism, activism, violence* (Baile Átha Cliath, 2020)

Frank Gallagher, *The Anglo-Irish Treaty* (Londain, 1965)

Anne Haverty, *Constance Markievicz: Irish revolutionary* (Baile Átha Cliath, 2016; arna chéad-fhoilsiú mar *Constance Markievicz: an independent life*, 1988)

Jason Knirck, *Imagining Ireland's independence: the debates over the Anglo-Irish Treaty of 1921* (Plymouth, 2006)

Nicholas Mansergh, *The unresolved question: the Anglo-Irish settlement and its undoing, 1912–1972* (New Haven, 1991)

Liam Weeks agus Mícheál Ó Fathartaigh (eag.), *The Treaty: debating and establishing the Irish state* (Droichead Nua, 2018)

# 2.
# 'POGRAIM' BHÉAL FEIRSTE AGUS DÚNMHARUITHE MHUINTIR McMAHON

## RÉAMHRÁ

Le linn thréimhse na críochdheighilte agus borradh faoi Chogadh na Saoirse sa Deisceart, bhí ráig foréigin i mBéal Feirste go luath sna 1920í agus maraíodh beagnach 500 duine sa chathair idir Iúil 1920 agus Iúil 1922. Ní hionann agus an chuid eile d'Éirinn, áfach, is círéibeacha cathrach is mó ab ea an foréigean i mBéal Feirste agus sibhialtaigh, seachas baill d'Óglaigh na hÉireann nó de na fórsaí slándála, ab ea 80% de na híospartaigh. D'ainneoin shíniú an tsosa cogaidh ar 11 Iúil 1921, chuaigh an foréigean chun donais i mBéal Feirste an samhradh sin agus an pobal áitiúil Caitliceach, 25% de dhaonra na cathrach, is mó a bhí thíos leis.

Cé go raibh náisiúnaigh mheánaicmeacha bhunreachtúla Bhéal Feirste ag súil go dtiocfadh deireadh leis an leatrom le 'aithint' pharlaimint an Tuaiscirt agus a rialtais, ní raibh an dearcadh seo ag cur, beag ná mór, lena raibh á fhulaingt ar an talamh ag Caitlicigh i gceantair lucht oibre na cathrach. Ó mhí Eanáir 1922, thosaigh Óglaigh na hÉireann ar fheachtas chun Tuaisceart Éireann a chur dá bhoinn; ba mhinic gur imir dílseoirí díoltas gan trócaire ar phobail Chaitliceacha i mBéal Feirste nuair a rinneadh ionsaithe ar na fórsaí slándála. I mí Feabhra 1922, rinne Óglaigh na hÉireann luíochán ar A-Speisialaigh i Muineachán agus mharaigh iad. Ionsaithe ag dílseoirí ar cheantair Chaitliceacha ina raibh na hÓglaigh láidir an freagra a bhí air seo. Faoi mhí an Mhárta bhí cúrsaí imithe chun donais agus bhí an imeagla, dó tithe, círéibeacha agus feallmharuithe go forleathan.

An t-ionsaí is mó a chuir alltacht ar dhaoine san am sin dúnmharú tábhairneoir saibhir Caitliceach, Owen McMahon, chomh maith le ceathrar dá chlann mac (a bhí idir 15 agus 26 bliain d'aois) agus fear beáir a bhí i dteach cónaithe an teaghlaigh i dtuaisceart Bhéal Feirste go luath ar an 24 Márta 1922. Chonacthas dá lán daoine gur díoltas iad na dúnmharuithe as scaoileadh dhá phóilín (de chuid Chonstáblacht Speisialta Uladh) an lá roimhe. Bhí impleachtaí an ionsaí seo le brath ar fud na hÉireann agus níos faide i gcéin.

## EOCHAIRDHÁTAÍ

- 30 Márta 1922: Dara Comhaontú Craig-Collins
- 7 Aibreán 1922: Acht na gCumhachtaí Speisialta rite
- 1 Meitheamh 1922: Cuireann Constáblacht Ríoga Uladh tús lena chuid oibríochtaí

Is amlíne úsáideach d'imeachtaí i gCúige Uladh é seo: http://centenariestimeline.com/index.html

## MEASTÓIREACHT AR FHOINSE PHRÍOMHA

Tá ceist shamplach scrúdaithe, bunaithe ar dhoiciméad anseo, chomh maith le hábhar foinse príomha breise chun doiciméid bhreise a chur ar fáil do mhúinteoirí agus daltaí ar féidir iad a phlé.

**Ceist shamplach scrúdaithe, bunaithe ar dhoiciméad:**

Topaic lena mbaineann na doiciméid: Nua-Éire Dhéanach Topaic 3: Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949

**Doiciméad A**

Sir James Craig, Príomh-Aire Tuaisceart Éireann, ag labhairt dó i dTeach na dTeachtaí, Tuaisceart Éireann, faoi mar a tuairiscíodh a chaint san *Irish News*, 29 Márta 1922

> Ní ligfidh [mé] do dhaoine a chur i leith Phobal iontach na bProtastúnach sa chathair sin [Béal Feirste] go raibh siad páirteach sna dúnmharuithe sin …. is é tús agus deireadh na mbeart, nach iad atá ciontach […] Bhí siad dílis don Choróin agus don Bhunreacht agus ní ligfidh mé do dhaoine líomhaintí a chur ina leith, mar phobal, nuair a sheas siad in aghaidh gríosú nach bhfacthas a leithéid i stair an domhain … Mar sin de, ná déanaimis an iomarca de na cásanna aonair seo atá le léamh sa phreas agus ar éasca a bheith anuas orthu. Dá mbeadh a fhios ag na daoine sin faoin ngríosú - dá smaoineoidís tamall ar an bheirt fhear chróga a bhí ag coinneáil na síochána sa chathair agus gur tháinig feallmharfóirí ar an taobh aniar díobh i lár an lae ghil agus gur scaoil siad sa droim iad. A dhaoine uaisle, is binn béal ina thost.

## Doiciméad B

‘Extermination Plan in Belfast’, *Irish Independent*, 22 Aibreán 1922, ina bhfuil focail sreangscéil ó Choiste Cosanta Chaitlicigh Bhéal Feirste chuig Winston Churchill agus Austen Chamberlain

> “Caitlicigh Bhéal Feirste á ndíothú de réir a chéile trí dhúnmharú, ionsaithe agus ocras. Tá a dtithe á ndó, tá naoscairí ag scaoileadh orthu, a saol dofhulaingthe, fórsaí míleata neamartach, Póilíní Speisialta naimhdeach, Rialtas an Tuaiscirt ciontach nó mí-éifeachtach. Shábháil do Rialtas féin na hAirméanaigh agus na Bulgáraigh. Is measa mar a chaitear le Caitlicigh Bhéal Feirste. Cúrsaí go huafásach le dhá lá anuas [...] Pograim athbhreithnithe: breis agus 200 teach Caitliceach dóite nó loite; na céadta teaghlach arbh éigean dóibh a dtithe nó a n-áitribh ghnó, nó an dá chuid, a thréigean agus iad faoi bhagairt báis; roinnt de lucht gnó measúil Caitliceach feallmharaithe ina siopaí nó áit chónaithe [...] Athair, nárbh aon Sinn Féineach é, agus cúigear mac tógtha óna leapacha agus scaoilte marbh ina seomra suite le linn uaireanta Cuirfiú nuair is fórsaí an Rialtais amháin atá ar na sráideanna.

### Cuid 1: Triail Tuisceana

a) Cén ról a bhí ag Sir James Craig san am seo?
b) De réir Doiciméad A, cé nach raibh freagrach as an ionsaí ar mhuintir McMahon dar le Craig?
c) De réir Doiciméad B, cad é mar a bhí an saol ag Caitlicigh Bhéal Feirste?
d) Cé air a gcuirtear an milleán as maruithe mhuintir McMahon i nDoiciméad B?

### Cuid 2: Triail Tuisceana

a) Cá mhéad fianaise atá sna foinsí a thacaíonn leis an dearcadh gur díríodh go héagothrom ar phobal Caitliceach Bhéal Feirste? Mínigh do fhreagra, ag tagairt don dá dhoiciméad.
b) An léirítear sa dá doiciméad an méid foréigin a tharla i mBéal Feirste go luath sna 1920í? Tabhair fáthanna le do fhreagra, ag tagairt don dá dhoiciméad.

### Cuid 3: Cáineadh

a) Cá mhéad fianaise atá i nDoiciméad A a thacaíonn leis an dearcadh gurb iad dúnmharuithe McMahon an choir is measa dá bhfacthas in Éirinn sa tréimhse sin? Mínigh do fhreagra, ag tagairt don doiciméad.
b) An dóigh leat gur foinse oibiachtúil é Doiciméad B? Tabhair fáthanna, ag tagairt don fhoinse.

### Cuid 4: Comhthéacsú

Cá mhéad a léiríonn an foréigean i mBéal Feirste na laigí a bhí sa Chonradh Angla-Éireannach?

### Treoir do dhaltaí ar fheidhm a bhaint as foinsí príomha

Smaoinigh ar cé/cad é/cén uair/cén fáth:
- Cé a chruthaigh é seo?
- Cén cineál foinse é an doiciméad? Cad a deir sé?
- Cén uair a scríobhadh é: gar don am ar tharla sé nó roinnt ama ina dhiaidh sin?
- Cén fáth ar scríobhadh é? Cé na cúinsí a bhí i gceist?

Smaoinigh ar láidreachtaí agus laigí na bhfoinsí:
- Cad is féidir leis an doiciméad seo a insint duit?
- Cé na ceisteanna is féidir leis a fhreagairt?
- Cé na ceisteanna nach féidir leis a fhreagairt?

Thíos tá samplaí eile de shleachta as foinsí príomha agus ceisteanna le plé.

**Foinse 1**

‘The Mad Bull’, *Punch*, 15 Feabhra 1922

PUNCH, OR THE LONDON CHARIVARI.—February 15, 1922.



THE MAD BULL.

Farmer Craig. “IF YOU CAN'T KEEP THAT BRUTE ON YOUR SIDE OF THE FENCE I SHALL DEAL WITH HIM AS I THINK FIT.”

Farmer Collins. “WELL, BETWEEN YOU AND ME, I WISH TO GOD YE WOULD.”

**Ceisteanna le plé:**

1) Cad atá ag dul ar aghaidh sa chartún seo?
2) Cad a chiallaíonn an teideal? Cad atá á phlé ag Collins agus Craig?
3) Cén uair a foilsíodh an cartún seo? Cad atá suntasach faoi seo?
4) Cén íomhá d'Óglaigh na hÉireann a chuireann an cartún seo chun tosaigh?

## Foinse 2

Joseph Devlin, MP d'Iarthar Bhéal Feirste ag labhairt dó i dTeach na dTeachtaí, 28 Márta 1922 (Hansard Theach na dTeachtaí)

> Is mian liom an deis seo a thapú le ceist iomlán na ndálaí uafásacha i mBéal Feirste a thógáil, an sléacht ar shaoránaigh Chaitliceacha shoineanta, buamáil gan staonadh ar mhná agus leanaí, ceapadh córas sceimhlitheoireachta gan teorainn in aghaidh mhionlach Caitliceach na cathrach agus an deireadh a bhí air sin ar fad, feallmharú an Uas. McMahon agus a chlann mhac, rud a chuir uafás ar dhaoine ar fud na cruinne [...] Ceannaí tábhachtach de chuid Chathair Bhéal Feirste a bhí ann. Dá bhfiafrófaí de dhaoine ar fud na cathrach faoi déarfaí leat gur saoránach gan choir a bhí ann. Ní raibh aon bhaint aige le polaitíocht [...] ar a haon a chlog ar maidin, tháinig buíon feallmharfóirí a fhad le teach McMahon, tharraing a bhean agus a neacht óg isteach i seomra eile agus [...] dhúnmharaigh é féin agus ceathrar dá chlann mhac agus ghortaigh go marfach beirt eile.

**Ceisteanna le plé:**

1) Cérbh é Joseph Devlin agus cén ról a bhí aige ?
2) Cén fáth ar chuir dúnmharuithe mhuintir McMahon a oiread sin uafáis ar dhaoine?
3) An cur síos beacht a bhí ag Devlin, 'sléacht' a thabhairt air?
4) An gcuireann Devlin an milleán ar aon duine as dúnmharuithe mhuintir McMahon?

## Foinse 3

Winston Churchill, Rúnaí Stáit do na Coilíneachtaí ag labhairt dó i dTeach na dTeachtaí, 28 Márta 1922 (Hansard Theach na dTeachtaí)

> Níl sé indéanta cur síos níos láidre, níos uafásaí a dhéanamh ar an sléacht a rinneadh ar mhuintir McMahon ná mar a rinneadh i nuachtán Aontachtach [the *Belfast Telegraph*] [...] Ceapaim go mbeadh ar dhuine dul ar fud na hEorpa chun teacht ar a leithéid d'uafás, de bharbaracht, de dhíoltas neamhdhaonna, canablach - canablach ar an uile shlí seachas feoil an íospartaigh a alpadh - a bheadh chomh holc leis an eachtra áirithe seo. Ach féadaim teacht ar a leithéid in áiteanna eile in Éirinn atá lán chomh huafásach [...] Má táimid leis na huafáis seo a léiriú i dtéarmaí gránna, ag baint feidhme as cur síos láidir, ní mór iad a léiriú ar an dá thaobh.

**Ceisteanna le plé:**

1) Cé chomh suntasach atá sé gur cáineadh na dúnmharuithe i nuachtán Aontachtach?
2) Díríodh aird ar eachtraí eile foréigneacha in Éirinn. Cad é an tionchar a bhí aige seo ar chúrsaí?
3) Cad é an difear idir dearcadh aontachtach Churchill agus dearcadh na Náisiúnach?
4) An ndéanann Churchill iarracht beag is fiú a dhéanamh de shuntas na ndúnmharuithe? Cén fáth?

## Foinse 4

*Ulster Herald,* 1 Aibreán 1922

> Ár Litir ó Bhaile Átha Cliath - Spreag na huafáis i mBéal Feirste fearg phríomhchathair na hÉireann [...] Is léir do chách nach bhfuil Rialtas Bhéal Feirste toilteanach ná ábalta beatha agus maoin an phobail Chaitlicigh a chosaint. Dúnmharaíodh na céadta fear, bean agus leanbh Caitliceach ó cuireadh tús leis an bPogram, ach níor cuireadh an dlí ar a oiread agus feallmharfóir amháin. Chuir brúidiúlacht uafásach dhúnmharuithe mhuintir McMahon alltacht ar an domhan sibhialta agus ghríosaigh siad muintir na sé chontae fichead níos mó ná aon rud a tharla cheana in gCúige Uladh [...] Tá muintir Bhaile Átha Cliath le moladh as a gcaoinfhulaingt óir ní dhearnadh aon ionsaí ar bhaill thábhachtacha de chuid an Oird Oráistigh a chónaíonn [ansin] de bharr na ghníomhartha gránna a mbráithre i mBéal Feirste.

**Ceisteanna le plé:**

1) Cén dearcadh i dtaobh an fhoréigin i mBéal Feirste atá ar fáil san fhoinse seo?
2) De réir an doiciméid, cad a bhraitheann muintir Bhaile Átha Cliath faoin rialtas i mBéal Feirste?
3) De réir an doiciméid seo, cé atá freagrach as dúnmharuithe mhuintir McMahon?
4) An bhfuil léargas soiléir sa doiciméad seo ar an tslí ina raibh cúrsaí i dTuaisceart Éireann na linne?

## Foinse 5

Ráiteas finné de chuid Séamus McKenna, Ceannfort an 1ú Cathlán de Bhriogáid Bhéal Feirste agus Leifteanant Aonad Seirbhíse Gníomhaí an Chabháin. Dátaithe 6 Deireadh Fómhair 1954 (WS 1016, Seamus McKenna, Cartlanna Míleata na hÉireann, Biúró na Staire Míleata)

> Thosaigh an pogram i gcoinne an phobail Chaitlicigh i mBéal Feirste i mí Iúil 1920. I dtús báire [...] ordaíodh d'Óglaigh na hÉireann gan páirt a ghlacadh i gcoimhlint a bhí, de réir dealraimh, seicteach, ach i ndiaidh roinnt seachtainí de dhronga Oráisteacha, armtha nó páirt-armtha, ag ionsaí ceantair scoite Chaitliceacha sa chathair agus gunnadóirí Oráisteacha ag scaoileadh Caitliceach d'aon turas ar na sráideanna, sa bhaile nó ag a n-ionaid oibre, b'éigean do na hÓglaigh páirt a ghlacadh sa streachailt sa mhéid gur chosain siad ceantair agus ionaid Chaitliceacha a bhí i mbaol [...] tháinig méadú suntasach ar an earcaíocht [...] I mí Iúil 1920, ní mó ná go raibh trí chéad Óglach againn [...] i mí Eanáir 1922, bhí

míle fear cláraithe ar a laghad. Déarfainn gur tháinig thart ar dhá thrian de na hearcaigh [...] seo isteach ar chúiseanna seicteacha amháin, chun iad a chosaint ar dhronga Oráisteacha nó iad a ionsaí.

**Ceisteanna le plé:**

1) Cad é comhthéacs na foinse seo? Cén fáth ar scríobh Seamus McKenna an ráiteas seo?
2) Cad é an míniú atá sa ráiteas seo ar an bhforéigean i mBéal Feirste 1920–22?
3) An dtugtar le fios sa ráiteas seo gur foréigean díoltais a bhí ar siúl ag Óglaigh na hÉireann i mBéal Feirste?
4) De réir an ráitis seo, cén tionchar a bhí ag na pograim ar bhallraíocht Óglaigh na hÉireann?

## LÉIRMHÍNIÚ AR FHOINSÍ TÁNAISTEACHA

Sa sliocht thíos tá eolas agus ábhar breise comhthéacs chun foinsí tánaisteacha a thuiscint agus a léirmhíniú.

**Treoir chun ábhar foinsí tánaisteacha a léirmhíniú:**

- An méid atá á rá ag na staraithe a mheas agus a luacháil, láidreachtaí agus laigí na léirmhínithe uile a lua
- A rá cé acu a aontaíonn nó nach n-aontaíonn tú leis na léirmhínithe agus a mhíniú cén fáth
- Eolas ábhartha a úsáid chun tacú le do chuid argóintí
- Gan eagla a bheith ort dúshlán dearcadh staraí a thabhairt trí eolas ábhartha comhthéacs a úsáid chun tacú le d'argóint.

Laurence Marley, 'Class and Killing in Belfast: the McMahon Murders', sliocht as *Ireland 1922: Independence, Partition, Civil War* (Acadamh Ríoga na hÉireann, Baile Átha Cliath, 2021)

Bhí Winston Churchill go mór i bhfabhar Protastúnaigh Chúige Uladh a armáil chun Óglaigh na hÉireann a chloí agus is dá thoradh seo a bhunaigh an stát Constáblacht Speisialta Uladh (Ulster Special Constabulary) arbh iad na *B-Specials* an chuid is mícháiliúla díobh. An straitéis nua seo in 1922 ba chúis le hionsaithe gan staonadh ar phoblachtaigh agus ar Chaitlicigh go ginearálta agus cuid mhór díobh á stiúradh i mBéal Feirste ag John Nixon, Cigire Ceantair de chuid an RIC. Glactar leis go forleathan gurb é an t-aonad seo a bheartaigh agus a rinne ionsaí ar mhuintir McMahon.

Le tamall anuas, bhí Joe Devlin, MP Iarthar Bhéal Feirste agus polaiteoir tábhachtach náisiúnach sa tuaisceart, ag cur i gcoinne rannpháirtíocht Rialtas na Breataine i marú Caitliceach. Ach is cás ar leith é an t-ionsaí ar mhuintir McMahon ar chúis thar a bheith tábhachtach amháin. Is cosúil nach bhfuil aon amhras ná gur beartaíodh é le teachtaireacht neamhbhalbh a thabhairt nach raibh Caitlicigh a raibh stádas ard sóisialta agus saibhreas acu saor ó chontúirt.

Bhí Owen McMahon ar dhuine de na Caitlicigh is saibhre i mBéal Feirste agus ceangail ghnó agus shóisialta aige le Protastúnaigh mheánaicmeacha. Bhí a theach suite i gceantar saibhir ina raibh bunús na ndaoine ina bProtastúnaigh.

Dá uafásaí an t-ionsaí ar mhuintir McMahon i dtéarmaí méide, an ghné ba shuntasaí a bhain leis, gné na haicme agus an réasúnaíocht acu siúd a bheartaigh é. Ag labhairt dó i dTeach na dTeachtaí ar an 28 Márta 1922, d'fhógair Devlin gur bhain na feallmharuithe 'geit as an domhan mór'. Léigh sé fiú sliocht as an bpríomhnuachtán Aontachtach, an *Belfast Telegraph*, inar cuireadh síos ar an ngníomh mar 'an feallmharú is uafásaí riamh a tharraing míchlú ar Bhéal Feirste'.

Bhí 10,000 duine ar a laghad i láthair ar shochraid mhuintir McMahon agus ina measc bhí an uasaicme pholaitiúil agus reiligiúin Chaitliceach chomh maith le Protastúnaigh, go háirithe an pobal gnó. Tharraing an dúnmharú an pobal Caitliceach le chéile, pobal a raibh níos mó eagla ná riamh orthu. Sa chuid seo den Ríocht Aontaithe ina raibh na Caitlicigh sa mhionlach de thoradh na críochdheighilte, níor chinntigh ná níor chosain ceannairí polaitiúla i Londain cearta saoránachta mhuintir McMahon.

**Ceisteanna le plé:**

1) Cá mhéad fianaise atá sa sliocht seo a thacaíonn leis an dearcadh gur cáineadh go forleathan dúnmharuithe mhuintir McMahon?
2) Cad a insíonn an sliocht seo dúinn faoi ról aicme agus reiligiúin i mBéal Feirste sna 1920í?
3) Cén fáth ar tharraing an tubaiste áirithe seo an pobal Caitliceach le chéile?
4) An léirítear dearcthaí difriúla ar chúiseanna foréigin i mBéal Feirste sa sliocht seo?
5) Cé na bearta a rinne rialtas na Breataine agus rialtas na hÉireann ina dhiaidh seo chun dul i ngleic le foréigean i mBéal Feirste?

## TOPAICÍ PLÉ

Conas a d'fhág dúnmharuithe mhuintir McMahon tuiscint ar an bhforéigean i mBéal Feirste níos casta sna 1920í luatha?

Cé chomh beacht atá an téarma 'pogram' chun cur síos ar an bhforéigean i mBéal Feirste, 1920–22?

Tá dúnmharuithe mhuintir McMahon sonraithe mar chor cinniúnach i dtréimhse shuaite bhunú Thuaisceart Éireann. Le plé.

Dúirt an staraí Tim Wilson: 'bhain dúnmharuithe mhuintir McMahon geit as an bpobal Aontachtach agus an gnáthdhearcadh a bhí acu go raibh foréigean Aontachtach, go bunúsach, frithghníomhach agus, mar sin de, inleithscéil go dtí pointe. Le plé.

Cén fáth ar éirigh an foréigean níos measa i mBéal Feirste i ndiaidh an tsosa comhraic a síníodh ar 11 Iúil 1921?

Cad a insíonn dúnmharuithe mhuintir McMahon dúinn faoi fhoréigean inscneach le linn phograim Bhéal Feirste?

## LÉITHEOIREACHT BHREISE

Tá daoine ábhartha luaite thíos a bhfuil a mbeathaisnéisí ar fáil sa *Dictionary of Irish Biography* (DIB), le cois téacsanna molta le haghaidh léitheoireacht bhreise. Beidh sé seo úsáideach fosta do dhaltaí atá ag obair ar a dTuairisc Staidéar Taighde.

- Devlin, Joseph
- Nixon, John William


Joe Baker, *The McMahon family murders* (Béal Feirste, 1992)

John D. Brewer, Caibidil 3: 'Northern Ireland: 1921–1998', in *Anti-Catholicism in Northern Ireland, 1600–1998* (Basingstoke, 1998). Ar fáil saor in aisce trí CAIN:
https://cain.ulster.ac.uk/issues/sectarian/brewer.htm

Kieran Glennon, *From pogrom to civil war: Tom Glennon and the Belfast IRA* (Corcaigh, 2013)

Robert Lynch, *The Northern IRA and the early years of Partition* (Baile Átha Cliath, 2006)

Alan F. Parkinson, *Belfast's unholy war: the Troubles of the 1920s* (Baile Átha Cliath, 2004)

Eamon Phoenix, *Northern nationalism: nationalist politics, partition and the Catholic minority in Northern Ireland, 1890–1940* (Béal Feirste, 1994)

James Quinn and Patrick Maume (eag.), *Ulster political lives, 1886–1921* (Baile Átha Cliath, 2016)

Margaret Ward, 'Gendered memories and Belfast Cumann na mBan 1917–1922', in Linda Connolly (eag.), *Women and the Irish Revolution: feminism, activism, violence* (Baile Átha Cliath, 2020)

Tim Wilson, '"The most terrible assassination that has yet stained the name of Belfast": the McMahon murders in context', *Irish Historical Studies* 37/145 (Béal Feirste 2010), 83–106

# 3.
# AN 'SPLANC' A D'ADHAIN AN COGADH CATHARTHA; FEALLMHARÚ SIR HENRY WILSON

## RÉAMHRÁ

Ar 2.20 p.m. Déardaoin 22 Meitheamh, scaoileadh marbh Sir Henry Wilson, Marascal Machaire agus príomhchomhairleoir slándála do rialtas nua Thuaisceart Éireann agus iar-Cheannasaí na Ard-Fhoirne Impiriúla, ar thairseach a áit chónaithe in Belgravia Londan. Ceannfort de chuid na nÓglach, Reggie Dunne, agus Óglach Joe O'Sullivan a rinne an t-ionsaí. Ba é Wilson an chéad MP de chuid Westminster a feallmharaíodh ó Spencer Perceval in 1812. Baineadh geit as an bpobal agus tarraingíodh a n-aird chomh maith.

Chuir sé dlús freisin le tús an Chogaidh Chathartha óir leag Rialtas na Breataine an milleán ar chodanna d'Óglaigh na hÉireann a bhí i gcoinne an Chonartha agus a raibh seilbh gafa acu ar na Ceithre Cúirteanna i mBaile Átha Cliath ó Aibreán 1922 chun cur in aghaidh an Rialtais Shealadaigh, faoi cheannaireacht Michael Collins, a bhí i bhfabhar an Chonartha. Bhagair Winston Churchill ar Collins go rachadh saighdiúirí Briotanacha ar an ionsaí i gcoinne cheannairí Óglaigh na hÉireann sna Ceithre Cúirteanna. Dar le Churchill gur sárú an Chonartha é iad a bheith sna Ceithre Cúirteanna agus go ndéanfadh Rialtas na Breataine beart mura ndéanfadh an Rialtas Sealadach.

Más go drogallach féin, d'ordaigh Collins do shaighdiúirí an tSaorstáit ionsaí a dhéanamh ar na Ceithre Cúirteanna le cuidiú airtléire de chuid na Breataine. Thosaigh comhrac i mBaile Átha Cliath agus níorbh fhada gur leath sé ar fud na tíre - glactar leis seo go forleathan mar thús an Chogaidh Chathartha in Éirinn.

Meastóireacht ar fhoinse phríomha

Tá ceist shamplach scrúdaithe, bunaithe ar dhoiciméad anseo, chomh maith le hábhar foinse príomha breise chun doiciméid bhreise a chur ar fáil do mhúinteoirí agus daltaí ar féidir iad a phlé.

**Ceist shamplach scrúdaithe, bunaithe ar dhoiciméad:**

Topaic lena mbaineann na doiciméid: Topaic 3 Nua-Éire Dhéanach: 'Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949.'

## Doiciméad A

*Irish Times*, 23 Meitheamh 1922

Ba chóir don tír ar fad a bheith ag déanamh bróin inniu, ní hé amháin as bás Éireannach den scoth ach as an dochar agus an náire a bhfuil eagla orainn go dtiocfaidh siad go hÉirinn. Dúnmharaíodh an Marascal Machaire Sir Henry Wilson i Londain inné, agus is cosúil gur i gcoimhlint chrua agus údar fuatha pholaitíocht na hÉireann atá bunús na coire [...] Is buille crua é ar Éirinn é an dúnmharú cíbe a bhí taobh thiar de. Má chruthaítear gur Éireannaigh iad na feallmharfóirí, d'fhéadfadh sé go gcaillfí cuid mhór den bhá atá ag muintir na Breataine dóibh agus muid ag breathnú ar a bhfuil ar siúl in Éirinn [...] An eagla atá orainn gur beart místuama a thiocfaidh as an bhfearg. Go dtí inné bhí ábhar dóchais againn go dtiocfadh feabhas roimh i bhfad ar an gcaidreamh idir Tuaisceart agus Deisceart na hÉireann [...] Milleadh an dóchas sin go tragóideach le dúnmharú Sir Henry Wilson [...] d'fhéadfadh sé bearta díoltais a spreagadh agus frithdhíoltas go dtí go ndoirtfear fuil, ní hé amháin i mBéal Feirste ach ar fud na tíre agus go dtiocfadh cogadh cathartha dá bharr [...] Os a choinne sin, d'fhéadfadh sé go spreagfadh an choir uafásach seo gníomhartha sa réimse poiblí nuair a thuigfear an chontúirt agus go ndéanfaidh cách a seacht ndícheall le hÉirinn a shábháil ón tubaiste.

## Doiciméad B

Óráid Reginald Dunne ar cuireadh cosc air a thabhairt sa Chúirt agus a foilsíodh níos déanaí san *Irish Independent*, 21 Iúil 1922.

Bhí an bheirt againn [Dunne agus O'Sullivan] in Arm na Breataine. Chuamar ann go deonach chun daoine a mharú ionas go bhféadfaí na prionsabail atá ag an tír seo a chosaint agus a chaomhnú. Dúradh linn gur féinchinntiúchán agus saoirse do náisiúin bheaga iad na prionsabail sin [...] Thángamar ar ais ón bhFrainc agus fuair amach gur séanadh an féinchinntiúchán sin ar Éirinn. Fuaireamar amach go raibh ár dtír á roinnt ina dhá thír - gur bunaíodh Rialtas i gceantar Bhéal Feirste agus go raibh uafáis á ndéanamh faoin Rialtas sin [...] Bhí aithne ag muintir na hÉireann ar Henry Wilson, ní hé mar Mharascal Machaire iontach de chuid na Breataine ach an fear a bhí taobh thiar den sceimhle Oráisteach [...] Thionscain sé agus d'eagraigh sé buíon fear ar a dtugtar Constáblaí Speisialta Uladh, príomhghníomhairí a fheachtais sceimhlitheoireachta [...] Na prionsabail chéanna dar shileamar ár gcuid fola ar láithreacha catha na hEorpa ba chúis le muid a cheapadh gur ghá dúinn gníomhú mar a rinneamar chun beatha, áit chónaithe agus sonas mhuintir na hÉireann a chaomhnú.

### Cuid 1: Triail Tuisceana

a) De réir Doiciméad A, cad chuige ar chúis dobróin é feallmharú Wilson?
b) Cén dá thoradh féideartha ar an bhfeallmharú a thuar an *Irish Times*?
c) De réir Doiciméad B, cé na fáthanna ar liostáil Dunne in Arm na Breataine?
d) Cén fáth ar fheallmharaigh Dunne agus O'Sullivan Wilson ?

**Cuid 2: Comparáid**

a) An gcuirtear in iúl sa dá dhoiciméad go ndearnadh an feallmharú mar fhreagairt d'fhoréigean a tharla san am atá caite? Mínigh do fhreagra, ag tagairt don dá dhoiciméad.
b) An dtagraítear sa dá dhoiciméad do dhrochthoradh an Chonartha Angla-Éireannaigh? Tabhair fáthanna le do fhreagra, , ag tagairt don dá dhoiciméad.

**Cuid 3: Cáineadh**

a) An dtugtar comhthéacs d'fheallmharú Henry Wilson i nDoiciméad A? Mínigh do fhreagra, ag tagairt don fhoinse.
b) An foinse úsáideach staire é Doiciméad B? Tabhair fáthanna, ag tagairt don fhoinse.

**Cuid 4: Comhthéacsú**

Conas agus cá mhéad a chuir feallmharú Henry Wilson dlús le tosú an Chogaidh Chathartha?

**Treoir do dhaltaí ar fheidhm a bhaint as foinsí príomha**

Smaoinigh ar cé/cad é/cén uair/cén fáth:
- Cé a chruthaigh é seo?
- Cén cineál foinse é an doiciméad? Cad a deir sé?
- Cén uair a scríobhadh é: gar don am ar tharla sé nó roinnt ama ina dhiaidh sin?
- Cén fáth ar scríobhadh é? Cé na cúinsí a bhí i gceist?

Smaoinigh ar láidreachtaí agus laigí na bhfoinsí:
- Cad is féidir leis an doiciméad seo a insint duit?
- Cé na ceisteanna is féidir leis a fhreagairt?
- Cé na ceisteanna nach féidir leis a fhreagairt?

Tá samplaí breise thíos de shleachta as foinsí príomha agus ceisteanna le plé

**Foinse 1**

*The Times* (Londain), 23 Meitheamh 1922

Béal Feirste. – Tá uafás agus fearg go forleathan anseo mar gheall ar dhúnmharú Sir Henry Wilson. Glacann bunús gach duine leis go mbaineann na feallmharfóirí le gluaiseacht Sinn Féin. 'An choir is measa riamh ag Óglaigh na hÉireann' an cur síos ag an *Telegraph* air. Má fhaightear amach go bhfuil sé fíor, éireoidh cúrsaí anseo níos tromchúisí agus beidh sé deacair ag Sir James Craig iad a smachtú. Tá corraí ar an bpobal cheana féin, a oiread corraí agus agus go bhfuil dainséar ag baint leis, mar gheall ar na dúnmharuithe, an gríosú agus uafáis eile [...] Bhí sé deacair go leor ar na húdaráis smacht a choinneáil ar an díoltas is mian le daoine

a bhaint amach as dúnmharú gnáthdhaoine ar beag an aithne orthu [...] bhí meas forleathan ag Aontachtaigh anseo ar Sir Henry Wilson [...] Is é an dearcadh forleathan go bhfuair sé bás ar son Chúige Uladh agus tá eagla ar dhaoine go bhféadfadh codanna dosmachtaithe den tromlach anseo díoltas a bhaint amach ar an mionlach.

**Ceisteanna le plé:**

1) Cén áit a raibh údar an tsleachta seo nuair a scríobh sé é?
2) Cé atá freagrach as an bhfeallmharú, dar leis an nuachtán?
3) Cé na himeachtaí a chuir corraí ar an bpobal go dtí leibhéal dainséarach?
4) Cad é an t-ábhar eagla a bhí ar an *Times* faoina raibh le tarlú de bharr fheallmharú Wilson?

## Foinse 2

Winston Churchill, Rúnaí Stáit do na Coilíneachtaí ag labhairt dó i dTeach na dTeachtaí, 26 Meitheamh 1922 (Hansard Theach na dTeachtaí)

> Is gá riail níos déine amach anseo. Tá seasamh débhríoch Óglaigh na hÉireann, mar a thugtar orthu, agus cuid díobh i measc shaighdiúirí an tSaorstáit, go hiomlán i gcoinne an Chonartha. Is ann do bhuíon fear i mBaile Átha Cliath a ghabh seilbh fhoréigneach ar na Ceithre Cúirteanna agus a d'fhógair gur Ceanncheathrú an Fheidhmeannais Phoblachtaigh iad agus is sárú an Chonartha an méid sin. Ón nead ainrialach agus tréasa seo [...] spreagtar uafáis dhúnmharfacha [...] tá an t-am tagtha ... dúinn ... a iarraidh ar Rialtas neartaithe na hÉireann seo agus ar Pharlaimint nua na hÉireann, gan fiacail a chur ann, go gcaithfear deireadh a chur leis an saghas seo. Mura gcuirfidh [...] dar linn gur sáraíodh an Conradh go foirmeálta [agus] go dtosóimid arís ar cibé gníomh is dóigh linn a bheith oiriúnach.

**Ceisteanna le plé:**

1) Cé na himeachtaí a bhfuil Churchill ag tagairt dóibh mar 'uafáis dhúnmharfacha'?
2) Cé, dar leis, ar a bhfuil an milleán as pleanáil agus déanamh na 'n-uafás' seo?
3) Cén fáth a ndeir Churchill gur sáraíodh an Conradh? Cé na bearta a mholann sé?
4) Cén eachtra shuntasach a tharla go gearr ina dhiaidh sin?

## Foinse 3

Sluaite ag léiriú ómóis ag sochraid Sir Henry Wilson, Marascal Machaire ag dul trí shráide-anna Londan, Meitheamh 1922 (Getty Images)




**Ceisteanna le plé:**

1) Cén ócáid atá á léiriú sa doiciméad seo?
2) Cuir síos ar a bhfuil ag tarlú sa ghrianghraf seo.
3) Cad a insíonn an grianghraf seo dúinn faoi dhearcadh an phobail sa Bhreatain ar Henry Wilson?
4) Cad é mar a léiríonn an doiciméad seo chomh luachmhar atá grianghraif mar fhoinse staire?
   **Nóta:** Tá gearrthóga físe ag Pathé na Breataine den tsochraid - léiríonn sé seo méid na sochraide agus d'fhéadfaí iad a thaispeáint do dhaltaí chomh maith leis an doiciméad seo: https://www.britishpathe.com/video/funeral-of-sir-h-wilson-aka-funeral-of-sir-henry/query/field

**Foinse 4**

Ráiteas finné Mary McGeehin, Ball de Chumann na mBan (1917–) agus Rúnaí Chonradh na Gaeilge Londan (1920–), maidir leis an bplean chun Sir Henry Wilson a scaoileadh. 14 Samhain 1953 (WS 902, Mary McGeehin, Cartlanna Míleata na hÉireann, Biúro na Staire Míleata)

> Is é an scéal a chualamar san am go ndearna sé socrú le lucht an Chonartha i mBaile Átha Cliath ag an leibhéal is airde a fháil réidh le Wilson a bhí ag ciapadh na gCaitliceach sa Tuaisceart [...] I measc na Sasanach, ní raibh daoine ar aon intinn faoi na gnóthaí seo. Bhí náire orthu faoi na pograim i dtuaisceart na hÉireann a d'ordaigh Wilson [...] Bhíothas ag dúil gur príosún saoil a ghearrfaí ar an mbeirt bhuachaillí. Ach ní bheadh an dream biogóideach frith-Éireannach sásta le haon ní nach cur chun báis é agus ghéill an rialtas dóibh.

**Ceisteanna le plé:**

1) Cé na róil a bhí ag Mary McGeehin le linn thréimhse na réabhlóide?
2) Cad chuige, dar le McGeehin, ar díríodh ar Henry Wilson?
3) De réir tuairiscí, cé a d'ordaigh an feallmharú?
4) Cad a léiríonn an doiciméad seo faoi dhearcadh náisiúnaigh na hÉireann faoi fhreagairt Shasana don eachtra seo?

## MEASTÓIREACHT AR FHOINSE THÁNAISTEACH

Sa sliocht thíos tá eolas agus ábhar breise comhthéacs chun foinsí tánaisteacha a thuiscint agus a léirmhíniú.

**Treoir chun ábhar foinsí tánaisteacha a léirmhíniú:**

- An méid atá á rá ag na staraithe a mheas agus a luacháil, láidreachtaí agus laigí na léirmhínithe uile a lua
- A rá cé acu a aontaíonn nó nach n-aontaíonn tú leis na léirmhínithe agus a mhíniú cén fáth
- Eolas ábhartha a úsáid chun tacú le do chuid argóintí
- Gan eagla a bheith ort dúshlán dearcadh staraí a thabhairt trí eolas ábhartha comhthéacs a úsáid chun tacú le d'argóint.

Sliocht as Fearghal McGarry, 'An Irish Tragedy: The assassination of Sir Henry Wilson', *Ireland 1922: Independence, Partition, Civil War* (Acadamh Ríoga na hÉireann, Baile Átha Claith, 2021)

> Dúirt Dunne agus O'Sullivan sa chúirt gur freagra spontáineach iad a ngníomhartha ar an 'Sceimhle Oráisteach' i gcoinne Chaitlicigh Bhéal Feirste agus iad den tuairim (a bhí mícheart) gur Wilson ba chúis leis. Chreid Poblachtaigh i Londain gur ordaigh Michael Collins an marú - bíodh sé mar oibríocht de chuid na nÓglach nó an IRB - roimh nó i ndiaidh an tsosa cogaidh.

B'íomhá é Wilson de leatrom impiriúil na Breataine in Éirinn. Sa Longfort a rugadh é. B'as Londain na fir a mharaigh é. Throid an triúr acu san arm céanna sa Chéad Chogadh Domhanda agus chaill O'Sullivan cos. Liostáil Dunne, a bhí i gceannas ar Óglaigh na hÉireann i Londain i ndiaidh an chogaidh, in Arm na Breataine i ndiaidh Éirí Amach na Cásca. Nuair a labhair sé leis an ngiúiré, chuir sé síos ar a ghníomhartha, i bpáirt, dá ról sa chogadh a troideadh ar son chearta na náisiún beag. Maidir le Wilson, ba de theaghlach Protastúnach, aontachtach é agus a lán talún acu. Traidisiún Impiriúil nár tháinig slán ó ré na réabhlóide.

Is léiriú é marú Wilson d'oidhreacht bhuan na tréimhse sin: cúngú na bhféiniúlachtaí mar gheall ar fhoréigean polaitiúil. Níorbh ionann ar chor ar bith na heispéiris a bhí ag teaghlaigh aonair agus an leagan polaitiúil den scéal atá mar bhunús leis an gcuimhne atá ar na daoine a bhásaigh sa réabhlóid.

Cé gur chuir David Lloyd George i gcuimhne do Westminster gur chara leis é Wilson, thug Lady Wilson dúnmharfóirí orthu óir níor thug a fear céile, aontachtach cruthanta, maithiúnas riamh dóibh as chomh sásta a bhí siad margadh a dhéanamh le hÓglaigh na hÉireann. D'ainneoin go raibh brón ar Wilson faoin gcríochdheighilt, níorbh fhada go raibh sé ina 'mhairtíreach bunaidh de chuid stát Thuaisceart Éireann' ag Aontachtaigh Uladh.

Os a choinne sin, d'ainneoin gur mhaígh finnéithe ar dhá thaobh na scoilte sa Chogadh Cathartha go ndearna siad beart de réir orduithe a fuair siad agus an argóint go raibh 'freagracht mhorálta áirithe' ar Rialtas na hÉireann, níor measadh go raibh tuismitheoirí Dunne ná O'Sullivan i dteideal an liúntais a íocadh le hÓglaigh a fuair bás i mbun seirbhíse míleata.

Ar an 8 Iúil 1967, i ndiaidh feachtais go dtabharfaí a gcoirp go hÉirinn, bhí sochraid phoiblí ag Dunne agus O'Sullivan a bhí ag cur lena stádas mar laochra Gael. I mBéal Feirste, shocraigh Ian Paisley 'agóid mhór Phrotastúnach' le cur in aghaidh chinneadh Harold Wilson a gcoirp a chur go hÉirinn: 'Tugann Baile Átha Cliath ómós do na dúnmharfóirí agus tugann Béal Feirste ómós don mhairtíreach'.

**Ceisteanna le plé:**

1) Cá mhéad a thacaíonn an sliocht seo leis an tuairim gur duine de chéad mhairtírigh stát Thuaisceart Éireann é Henry Wilson?
2) Cad é an dearcadh atá ar Dunne agus O'Sullivan i gcomparáid le Wilson?
3) Cad is féidir leis an sliocht seo a chur in iúl dúinn faoin chúngú féiniúlachta le linn na tréimhse seo?
4) An gcuirtear i láthair sa sliocht seo tuairimí atá éagsúil le foinsí eile a bhfuil staidéar déanta agat orthu?
5) An léirmhíniú inchreidte é seo ar na himeachtaí a bhain le feallmharú Wilson?

## TOPAICÍ PLÉ

Cé na cúinsí in Éirinn agus sa Bhreatain ba chúis le feallmharú Sir Henry Wilson?

Cad chuige a ndeirtear gur feallmharú Sir Henry Wilson a chuir dlús le tosú Chogadh Cathartha na hÉireann?

Deir Keith Jeffery, staraí, 'ní gan deacrachtaí is féidir cur síos ar Henry Hughes Wilson mar "Éireannach"'. Le plé

## LÉITHEOIREACHT BHREISE

Tá liosta thíos de dhaoine ábhartha a bhfuil a mbeathaisnéisí ar fáil sa *Dictionary of Irish Biography* (DIB), chomh maith le téacsanna molta i gcomhair léitheoireacht bhreise. Beidh sé seo úsáideach freisin do dhaltaí agus iad ag obair ar a dTuairisc Staidéar Taighde.

- Collins, Michael
- Wilson, Sir Henry Hughes


Marie Coleman, *County Longford and the Irish Revolution 1910–1923* (Baile Átha Cliath, 2003)

Keith Jeffery, *Field Marshal Sir Henry Wilson: a political soldier* (Oxford, 2006), go háirithe Caibidlí 1, 13 agus 14

Keith Jeffery, 'Wilson, Sir Henry Hughes, baronet' sa *Oxford Dictionary of National Biography*: www.oxforddnb.com

Peter Hart, 'Michael Collins and the assassination of Sir Henry Wilson', *Irish Historical Studies,* 28/110 (1992), 150–170

# 4.
# EISPÉIRIS NA MBAN SA SAORSTÁT NUA

## RÉAMHRÁ

Leis an gConradh Angla-Éireannach, bhí neamhspleáchas teoranta ag an gcuid is mó d'Éirinn agus ba é ba chúis leis an gcogadh cathartha agus, go dtí pointe, le fáil réidh le hidéil réabhlóideacha.

Faoi théarmaí Bhunreacht nua Shaorstát Éireann, 1922, bhí an dea-thuar ann do mhná na hÉireann. In Airteagal 3 den Bhunreacht, cinntíodh cearta comhionanna do 'gach duine, beag beann ar inscne', agus bhí ceart vótála parlaiminte ag mná, díreach mar a bhí ag fir, sé bliana sular ghnóthaigh mná na Ríochta Aontaithe a leithéid. Ní nach ionadh, mar sin de, go raibh gníomhaithe feimineacha dóchasach faoina raibh i ndán do mhná na hÉireann.

Ach d'ainneoin na ngealltanas seo faoin gcomhionannas, bhí dlúthbhaint ag saoránacht mhná na hÉireann sa Saorstát leis an saol sa bhaile, leis an bpósadh agus a bheith ina máithreacha. Cuireadh bonn faoi seo in Airteagal 41 de Bhunreacht na hÉireann 1937 inar maíodh:

Go sonrach, admhaíonn an Stát go dtugann an bhean don Stát, trína saol sa teaghlach, cúnamh nach bhféadfaí leas an phobail a ghnóthú dá éagmais. Uime sin, féachfaidh an Stát lena chur in áirithe nach mbeidh ar mháithreacha clainne, de dheasca uireasa, dul le saothar agus faillí a thabhairt dá chionn sin ina ndualgais sa teaghlach

Ag cuid mhór ban, ba bheag a d'athraigh sa Saorstát; ag roinnt eile, d'éirigh cúrsaí níos measa.

Meastóireacht ar fhoinse phríomha

Tá ceist shamplach scrúdaithe, bunaithe ar dhoiciméad anseo, chomh maith le hábhar foinse príomha breise chun doiciméid bhreise a chur ar fáil do mhúinteoirí agus daltaí.

**Ceist shamplach scrúdaithe, bunaithe ar dhoiciméad:**

Topaic lena mbaineann na doiciméid: Nua-Éire Dhéanach Topaic 3: 'Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949.'

## Doiciméad A

Sliocht as litir ó Constance Markievicz chuig Hanna Sheehy-Skeffington ó phríosún Chorcaí, 21 Lúnasa 1919 (Le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)

> Leis an seasamh seo agat agus a bhfuil tú ag fulaingt, tabharfar misneach dár gcailíní agus cuideoidh sé le go leor acu éalú ó chúinne seanfhaiseanta an ghlicis agus an ghéillte [...] Cad atá ag dul a tharlú don domhan? Is cosúil go bhfuil gach rud gach duine - seachas anseo in Éirinn - ag dul chun donais. Chuir sé ríméad orm smaoineamh ort agus tú in Uimh. 6 [Sráid Fhearchair; Ceanncheathrú Sinn Féin]. Is iontach é bean a bheith sa phost atá agat! Is fíorannamh a fhaigheann bean an deis, agus chomh sásúil leis go bhfuair an bhean cheart an deis.

## Doiciméad B

Sliocht as litir ó Anna Lalor* chuig Edward Byrne, Ardeaspag Bhaile Átha Cliath, 4 Márta 1922 (Cartlann Dheoise Bhaile Átha Cliath)

> A Ardeaspaig, Mo leithscéal as scríobh chugat + freisin, tá súil agam go maithfidh tú dom óir ní heol dom conas labhairt leat. Is bean chéile plástrálaí mé + tá seachtar leanaí againn agus níl an leanbh is sine ach 14 bliana d'aois [...] Deireadh Fómhair seo caite fógraíodh stailc sna Ceirdeanna Tógála i mBaile Átha Cliath agus ag an am sin bhí mé i mo luí ar mo leaba, an-bhreoite agus b'éigean do m'fhear céile dul go Sasana lena bheatha a thabhairt i dtír dá chlann agus bhí mo chroí briste óir bhí mé chomh breoite, fuair sé obair i Sasana + bhí cead aige clárú le Ceardchumainn Shasana ar 8 bpingin le cuid mhór Éireannach eile [...] An Nollaig seo caite tháinig m'fhear céile abhaile + ghuigh mé + rinne iarracht [doléite] comhairle a chur air chun go bhfanfadh sé liomsa + leis na leanaí

### Cuid 1: Triail Tuisceana

a) Dé réir Doiciméad A, cad atá in ndán do mhná na hÉireann, dar le Constance Markievicz?
b) Cé na tréithe 'seanfhaiseanta' a dtagraíonn Markievicz dóibh?
c) De réir Doiciméad B, conas a bhí an saol ag Anna Lalor?
d) Cén fáth ar scríobh Anna Lalor chuig an Ardeaspag?

### Cuid 2: Comparáid

a) An gcuirtear in iúl sa dá dhoiciméad go dtiocfaidh athruithe dearfacha leis an neamhspleáchas? Mínigh do fhreagra, ag tagairt don dá dhoiciméad.
b) An bpléitear sa dá dhoiciméad an taithí saoil ag gnáthshaoránach Éireannach sa Saorstát nua? Tabhair fáthanna le do fhreagra, ag tagairt don dá dhoiciméad.

### Cuid 3: Cáineadh

a) An dtugtar léargas leathan i nDoiciméad A de shaol na mban sa tréimhse réabhlóideach? Mínigh do fhreagra, ag tagairt don fhoinse.
b) An foinse úsáideach staire é Doiciméad B? Tabhair fáthanna, ag tagairt don fhoinse.

*Name changed

**Cuid 4: Comhthéacsú**

Bhí aisling ag Piaras Béaslaí, TD Sinn Féin faoi 'stát Gaelach saor, sona, glórmhar' le hachtú an Chonartha. Cá mhéad de sin a gnóthaíodh?

### Treoir do dhaltaí ar fheidhm a bhaint as foinsí príomha

Smaoinigh ar cé/cad é/cén uair/cén fáth:
- Cé a chruthaigh é seo?
- Cén cineál foinse é an doiciméad? Cad a deir sé?
- Cén uair a scríobhadh é: gar don am ar tharla sé nó roinnt ama ina dhiaidh sin?
- Cén fáth ar scríobhadh é? Cé na cúinsí a bhí i gceist?

Smaoinigh ar láidreachtaí agus laigí na bhfoinsí:
- Cad is féidir leis an doiciméad seo a insint duit?
- Cé na ceisteanna is féidir leis a fhreagairt?
- Cé na ceisteanna nach féidir leis a fhreagairt

Tá samplaí breise thíos de shleachta as foinsí príomha agus ceisteanna le plé.

**Foinse 1**

Sliocht as óráid a rinne Kathleen O'Callaghan le linn díospóireachta sa Dáil ar an gConradh Angla-Éireannach, 20 Nollaig 1921 (Dáil Éireann: www.oireachtas.ie)

> Ní fhacthas mórán de mhná na hÉireann ar ardán na polaitíochta go dtí seo. Ní hionann sin is a rá nach bhfuil tuairimí láidre acu faoi stádas agus saoirse na hÉireann. Ba í máthair na bPiarsach a chuir bonn fúthu sin. Bhí tionchar ag a dheirfiúr ar Thraolach Mac Suibhne agus is í féin atá ag leanúint lena chuid oibre. Tógadh Bean Clarke, an Teachta Dála, baintreach Tom Clarke, i dteaghlach Fíníneach a huncail, John Daly as Luimneach. Is mná daingne iad mná na Dála, agus vótálfaidh siad de réir prionsabail seachas tairbhe [...] Cuireadh dallamullóg [...] ar na toscairí le bagairt chogaidh ionas go síneoidís an Conradh sin [...] Cuireann sé as dom go bhfuil cuid de na toscairí agus a lucht tacaíochta sa Teach seo ag iarraidh an dallamullóg chéanna a úsáid orainne chun go vótálfaimid ar a shon sin. Ní fheicim cén bhaint atá ag cogadh leis an scéal. Déarfaidh tú gur argóint mná í, ach is eol dúinne cé air is mó a dtiteann ualach an chogaidh.

**Ceisteanna le plé:**

1) Cérbh í Kathleen O'Callaghan? Cén ról a bhí aici le linn na tréimhse réabhlóidí?
2) Cén fáth a dtagraíonn sí go sonrach, ina n-ainm, do chuid mhaith mná éagsúla?
3) Cad dó go díreach a bhfuil sí ag tagairt nuair a deir sí gur cuireadh dallamullóg ar theachtaí de bharr bagairt chogaidh?
4) Cé, dar léi, is mó a bheadh thíos leis dá dtosódh an foréigean arís?

**Foinse 2**

Sliocht as óráid a rinne Kevin O'Higgins le linn díospóireachta sa Dáil ar an gConradh Angla-Éireannach, 14 Nollaig 1921 (Dáil Éireann: www.oireachtas.ie)

> An cúigear fear sin a chuir sibh go Londain chun dul i gcoinne na dtaidhleoirí is cumasaí san Eoraip, d'éirigh chomh maith leo sin agus a d'éirigh lenár n-arm féin i gcoinne rúidtrúpaí Impireacht na Breataine - níor éirigh chomh maith leo féin ná lenár n-arm chun go mbainfidís a gcuspóir iomlán amach agus iad ag snámh in aghaidh easa. Ach iarraim oraibh a rá, maidir leis an gConradh seo, gur éirigh leo gnó a dhéanamh ar féidir glacadh leis go honórach. Is treise, i ndiaidh an iomláin, leas agus sonas fhir, mhná agus leanaí beaga an náisiúin seo ná tuairimí agus teoiricí polaitiúla. Deirim libh gur éirigh linn a oiread a bhaint amach a chinntíonn an sonas agus an leas sin, agus is ar an mbonn sin agus mar gheall ar a bhfuil de rogha againn, iarraim oraibh glacadh leis agus bhur ndílseacht a fhógairt do Bhunreacht Shaorstát na hEireann.

**Ceisteanna le plé:**

1) Cad é an cur síos a rinne O'Higgins ar idirbheartaíochtaí an Chonartha?
2) Cé na bealaí inar 'theip' ar thoscairí na hÉireann sna hidirbheartaíochtaí seo?
3) An fíor gur treise leas na bhfear, na mban agus na bpáistí ná an pholaitíocht?
4) Ar aistríodh na hidéil seo go dtí taithí saoil ghnáthmhuintir na hÉireann?

**Foinse 3**

Helena Molony, 'James Connolly and women', *Dublin Labour Year Book* (Dublin Trades Union and Labour Council, 1930) (Le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)

> … saobhadh truacánta na "fuascailte" […] Tá an ceart sin a iarradh le fada, an ceart chun vótáil, ag mná anois óna aimsir siúd [Séamus Ó Conghaile] ach tá siad in áit na leithphingne go fóill féin, le tuarastal níos ísle ar an obair chéanna, gan cead acu dul ar ghiúiré ná isteach i gcodanna den státseirbhís, iad ag maireachtáil ar an anró, a gcuid leanaí ar scoileanna fuara plódaithe neamhshláintiúla, agus ar ndóigh is lú an chailíocht bheatha atá ag an lucht oibre, rud a bhuaileann an bhean, mar an té atá i bhfeighil an tí, go láidir […] Is amhlaidh a d'imigh gluaiseacht na mBan, atá caite le fada an lá, ar an drochuair, agus a chothaigh an fheasacht shóisialta agus an fonn éirí amach i measc aicme níos airde ban, is amhlaidh a d'imigh sin gan baint ar chor ar bith do mhná oibre na hÉireann.

**Ceisteanna le plé:**

1) De réir na cáipéise seo, ar tháinig fuascailt na mban de bhun na fuascailte náisiúnta?
2) An bhfuil sé á rá ag Molony go raibh stádas dara grád ag mná sa Saor-Stát nua Éireannach?
3) Cén chaoi ar fhan saolta na mban mar a bhí, tar éis an neamhspleáchas a bhaint amach?
4) Cén fáth a raibh na mná buailte níos troime ag an mbochtanas ná a bhí na fir?

**Foinse 4**

Sliocht as litir ó Betty Archdale ón *Six Point Group* i Londain (grúpa feimineach) chuig Éamon de Valera mar fhreagairt dá Bhunreacht molta, 14 Meitheamh 1937 (An Chartlann Náisiúnta TSCH/S9880)

> Nuair a ghlac Saorstát Éireann a Bhunreacht in 1923 [*sic*], bhí ríméad ar mhná gur aithníodh comhionannas na bhfear agus na mban in Airteagal 3. Féadann sibh, mar sin de, an díomá a bhí orainn a shamhlú faoi na hailt sa dréacht-bhunreacht, go háirithe ailt 40, 41.2 agus 45.4ii. Tá na hailt seo bunaithe ar choincheap faisisteach, sclábhaíochta faoi mhná mar dhaoine neamhaosacha atá an-lag agus ar chóir dóibh fanacht sa bhaile. Ní éireodh le cogadh saoirse na hÉireann dá gcloífeadh mná na hÉireann leis an hailt sin. Sibhse a chaith bhur saol ag troid ar son shaoirse na tíre, an mian libh dáiríre an tsaoirse a shéanadh do mhná na hÉireann a throid ar a son chomh maith. Dá gcabhródh sibh leis na mná a bheith saor in áit na srianta seo a cheangal díobh is mór an leas a bhainfeadh na mná agus Éire as dá réir.

**Ceisteanna le plé:**

1) Cén fáth a raibh Bunreacht Shaorstát Éireann (1922) tarraingteach ag na mná?
2) Cé na gnéithe de Bhunreacht na hÉireann 1937 nach raibh inghlactha ag an ngrúpa feimineach seo?
3) Conas a léirítear sa sliocht seo an t-athrú dearcaidh ar na mná sna 1920í agus 1930í?
4) Cad é an chomparáid idir an fhoinse seo agus dóchas réabhlóidithe faoin am atá le teacht sa tréimhse 1916-23?

## MEASTÓIREACHT AR FHOINSE THÁNAISTEACH

Sa sliocht thíos tá eolas agus ábhar breise comhthéacs chun foinsí tánaisteacha a thuiscint agus a léirmhíniú.

**Treoir chun ábhar foinsí tánaisteacha a léirmhíniú:**

- An méid atá á rá ag na staraithe a mheas agus a luacháil, láidreachtaí agus laigí na léirmhínithe uile a lua
- A rá cé acu a aontaíonn nó nach n-aontaíonn tú leis na léirmhínithe agus a mhíniú cén fáth
- Eolas ábhartha a úsáid chun tacú le do chuid argóintí
- Gan eagla a bheith ort dúshlán dearcadh staraí a thabhairt trí eolas ábhartha comhthéacs a úsáid chun tacú le d'argóint.

Sliocht as Lindsey Earner-Byrne, ‘Gender and poverty in the new Free State’, *Ireland 1922: Independence, Partition, Civil War* (Acadamh Ríoga na hÉireann, Baile Átha Claith, 2021)

> Ar an 4 Márta 1922, bhí Anna Lalor croíbhriste. Ba bheag a d’athraigh le dhá bhliain dá naonúr clainne; dáríre, bhí cúrsaí imithe chun donais. An mhaidin seo, dar léi nach raibh an dara rogha aici ach suí síos ina teach beag dhá sheomra i nDún Laoghaire, Contae Átha Cliath agus scríobh chuig duine de na daoine is cumhachtaí ina saol - Ardeaspag Caitliceach Bhaile Átha Cliath, Edward Byrne (1921–1940). Tá a litir i measc na mílte a fuair an tArdeaspag; léirítear sna litreacha seo cartlann fhairsing de thaithí na bochtaineachta sa chéad scór bliain de neamhspleáchas na hÉireann.
>
> Sular pósadh Anna Lalor, bhí sí ina seirbhíseach tí, obair a bhí ag bean as gach triúr nach raibh pósta. In 1907, d’fhág sí a post, phós sí agus chuaigh sí i mbun saoil nach raibh ach beagán smachta aici air, ar a torthúlacht ná ar chumas saothraithe airgid a fear céile. Is dócha nach fada gur thuig sí chomh gafa a bhí sí: faoi cheann ceithre bliana, thug sí triúr leanaí ar an saol, duine in aghaidh na bliana beagnach. Faoi 1922, bhí seachtar clainne ag Anna.
>
> Bhí ar a fear céile dul go Sasana; bhí stailc ag bríceadóirí Bhaile Átha Cliath i mBaile Átha Cliath idir Deireadh Fómhair 1920 agus Meitheamh 1921 ach ní bhfuarthas ach méadú sealadach pingine san uair agus i rith ama, ‘cuireadh moill ar leagan na slumaí sa chathair’. Léiriú ar ghealltanais bhréige an neamhspleáchais pholaitiúil an toradh do na saoránaigh is boichte in Éirinn. A fhad agus a bhí Uachtarán an Fheidhmeannais i mbun ciorruithe ar an leas sóisialta, Pinsean na Seanóirí san áireamh, bhí £2,500 de thuarastal aige. £126 sa bhliain an meántuarastal tionsclaíoch.
>
> Chuir an stát nua chun cinn go díograiseach go bhfanfadh an mháthair sa bhaile mar dhúshraith na sochaí ach ní raibh aon acmhainn ar an idéalachas seo ag leithéidí Anna Lalor. Lean na daoine bochta de theacht i dtír ar imirce agus eisimirce shéasúrach, go Sasana go príomha. Chuir Anna Lalor in iúl costas mothúchánach na straitéise sin, á cheangal go healaíonta leis an mothú gur seift a bhí sa tsaoirse pholaitiúil nach gcothódh a clann.
>
> Is ar éigean atá leid faoin bhforéigean agus an éiginnteacht a bhí ar fud na tíre s’aici óir léiríonn sí leanúnachas na taithí daonna nach gcomhlíonann i gcónaí tréimhsiú na staire. Ba bheag a d’athraigh an dúshlán a bhain le leanaí a chothú do leithéidí Anna Lalor. Ba bheag a d’athraigh struchtúr agus treo an neamhionannais shóisialta le linn a saoil: rinneadh tuismitheoirí faoi mhíbhuntáiste de chlann na mbocht. Bhí sí ag iarraidh ar an Ardeaspag feidhm a bhaint as an tionchar a bhí aige chun an córas a d’fhág bocht í a athrú.

**Ceisteanna le plé:**

1) Cad atá le tuiscint ón sliocht seo faoi fhírinne an tsaoil sa Saorstát nua?
2) Cé na gnéithe neamhionannais atá léirithe sa sliocht seo?
3) De réir an tsleachta seo, ar fíoraíodh idéil na réabhlóidithe sa Saorstát?
4) An gcuirtear i láthair sa sliocht seo dearcthaí éagsúla ar róil agus eispéiris na mban le linn na tréimhse réabhlóidí?

## TOPAICÍ PLÉ

Ina litir, cén fáth nach ndéanann Anna Lalor tagairt don fhoréigean agus don éiginnteacht a bhí in Éirinn san am?

Cá mhéad a riar polasaí sóisialta an tSaorstáit ar leithéidí Anna Lalor?

Ar tháinig fuascailt na mban de bhun na fuascailte náisiúnta?

An raibh an feimineachas, mar ghluaiseacht mheánaicmeach, níos dírithe ar an ceart vótála a bhaint amach ná ar an athrú sóisialta a bhaint amach?

## LÉITHEOIREACHT BHREISE

Tá liosta thíos de dhaoine ábhartha a bhfuil a mbeathaisnéisí ar fáil sa *Dictionary of Irish Biography* le cois téacsanna molta léitheoireacht bhreise. Beidh sé seo *úsáideach* freisin do dhaltaí atá ag obair ar a dTuairisc Staidéar Taighde.

- Molony, Helena
- Byrne, Edward Joseph
- Markievicz, Constance Georgine
- O'Callaghan, Kate (Kathleen)
- Skeffington, (Johanna) Hanna Sheehy-


Linda Connolly (eag.), *Women and the Irish Revolution: feminism, activism, violence* (Baile Átha Cliath, 2020)

Mel Cousins, *The birth of Irish social welfare in Ireland, 1922–1952* (Baile Átha Cliath, 2013)

Mary E. Daly, 'Marriage, fertility and women's lives in twentieth-century Ireland', *Women's History Review*, 15 (2006), 571-585.

Lindsey Earner-Byrne, *Letters of the Catholic poor: poverty in independent Ireland, 1920–1940* (Cambridge, 2017)

Diarmaid Ferriter and Susannah Riordan (eag), *Years of turbulence: The Irish Revolution and its aftermath* (Baile Átha Cliath, 2015)

Sinéad McCoole, *No ordinary women: Irish female activists in the revolutionary years, 1900–1923* (Madison, WI, 2003)

# TUAIRISC STAIDÉAR TAIGHDE

Moltar go mór do dhaltaí iontrálacha *Dictionary of Irish Biography* (DIB) a bhaineann lena gcuid topaicí san acmhainn seo a léamh agus aird a thabhairt ar na liostaí foinsí breise ag deireadh gach iontrála agus ar thagairtí atá mar chuid den téacs. Má dhéantar seo, is féidir teacht ar ábhar spéise ar fiú suntas a thabhairt dó maidir leis an topaic TST.

Moltar go mór do dhaltaí freisin *Ireland 1922* a úsáid i gcomhair topaicí agus ábhar léitheoireachta dá TST. Tá liosta thíos de na topaicí eile atá sa leabhar seo; i measc na dtéamaí tá eispéiris fhoréigneacha agus neamhfhoréigneacha na tréimhse réabhlóidí, ról an diaspóra, eispéiris na mban agus cultúr, litríocht agus ceol físiúil.

Tá liostaí gairide léitheoireachta agus foinsí ag gabháil le gach aiste sa leabhar freisin.

**Diaspóra**
- Meiriceá agus Réabhlóid na hÉireann
- Éire Dhomhanda
- Gréasáin Ghael-Astrálacha
- Imirce, críochdheighilt agus cuimhne

**Eispéiris neamhfhoréigneacha na tréimhse réabhlóidí**
- Riarachán, daonlathas agus tógáil stáit (thuaidh agus theas)
- An Eaglais Chaitliceach
- Monarcacht agus Impireacht
- Críochdheighilt agus an teorainn
- Smaointeoireacht pholaitiúil
- Dílseoirí ó dheas

**Foréigean sa Tréimhse Réabhlóideach**
- Foréigean laethúil an chogaidh chathartha
- Corraíl talún agus scriosadh Tithe Móra
- Feachtais mhíleata
- Sceimhle an stáit
- Oidhreacht an fhoréigin

**Cultúr, litríocht agus ceol físiúil**
- Cultúr cinsireacht scannán agus tógáil stáit
- Ceol agus náisiúnachas
- Cultúr físiúil na críochdheighilte
- Ealaín tógála stáit John Lavery
- W.B. Yeats agus an Cogadh Cathartha
- Cine agus nua-aoiseacht

**Eispéiris na mban**
- Stailc ocrais Mary MacSwiney
- Foréigean inscnithe i gcoinne na mban
- Gníomhaithe mná le linn agus i ndiaidh an chogaidh chathartha

# ACMHAINNÍ BREISE

Tá acmhainní thíos atá ar fáil ar líne, ar féidir iad a fhiosrú chun teacht ar thuilleadh eolais faoin tréimhse ach cuardach ábhar, dáta agus eochairfhocal a dhéanamh.

***Century Ireland***. Nuachtán coicíseán ar líne a thugann cur síos ar eachtraí i saol Éireannach idir 1912–23.

***History Ireland.*** Tá ailt agus léirmheasanna ar an tréimhse réabhlóideach i gcatalóg saothair an irisleabhair: https://www.historyireland.com/

**Cartlanna Nuachtáin na hÉireann**. Is féidir na nuachtáin náisiúnta agus áitiúla atá ar fáil sa chartlann ar líne seo a fhiosrú chun teacht ar mhionsonraí na tréimhse seo. Tá sí ar fáil trí leabharlanna poiblí agus Scoilnet: https://www.irishnewsarchive.com/

**Cartlanna Míleata**. Tá réimse leathan de dhoiciméid agus de chuntais ó bhéal a bhaineann leis an tréimhse sna cartlanna seo, lena n-áirítear iarratais ar phinsin ó iar-throdaithe na tréimhse réabhlóidí agus ráitis finnéithe: http://www.militaryarchives.ie/home

**Oireachtas**. Is furasta teacht ar dhíospóireachtaí na Dála ar an gConradh Angla-Éireannach ó Nollaig 1921 go hEanáir 1922: https://www.oireachtas.ie/